Lúcháir Don Domhan Uile

Iomann Oifigiúil do Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018

Cumtha ag Ephrem Feeley

IRELAND WORLD MEETING of FAMILIES 21-26 AUGUST 2018

TÚS
Cuireann an grá suas le gach ní;
'aoibhinn leis an mhaith, ní thagann deireadh leis.

VÉARSA 1
Tá an grá foidhneach is tá sé lách.
Níl an grá doichealllach, níl sé mí mhúinte.
Níl an grá uaibhreach, nó maíteach, nó éadmhar,
ach déanann an grá ceiliúradh ar an bhfírinne.

LOINNEOG
Lúcháir an ghrá, lúcháir do theaghlach uile Dé,
Lúcháir an ghrá a sháraíonn am is spás.
Is scáil de ghrá an Athar ár ngrá dá chéile.
Lúcháir an ghrá: lúcháir don domhan go léir.

VÉARSA 2
Anseo i dteaghlach Dé tá áit dúinn go léir.
Slánú do chách; síocháin do dhaoine buartha.
Anseo bíonn séimhe, trua agus cóir.
Síneann Dia a lámh agus teagmhaíonn linn le grásta.

LOINNEOG

VÉARSA 3
'Sé an grá ár mbunús, ár nglaoch buan.
'Sé an grá ár sásamh, in áit chónaithe Dé.
Mistéir an Athar, an Mhic is an Spioraid,
Tá an grá i gcumann leis an Trionóid naofa.

LOINNEOG

VÉARSA 4
Iarrann Dia orainn gníomhú go cóir,
gráú le séimhe, siúl go humhal le Dia,
ár saol a thabhairt i seirbhís do dhaoine.
'Sé lúcháir an tSoiscéil grá lúcháireach Chríost!

LOINNEOG

Cuireann an grá suas le gach ní;
'aoibhinn leis an mhaith, ní thagann deireadh leis.

© World Meeting of Families 2018 Ltd. All rights reserved.